Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0034(NLE)**

6050/21
ADD 1

LIMITE

UK 34

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 64 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir leis an dáta ar a scoirfear de chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 64 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2021) 64 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 9.2.2021
COM(2021) 64 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir leis an dáta ar a scoirfear de chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair**

# IARSCRÍBHINN

**Cinneadh Uimh. 1/2021 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile,**

**an …**

**a mhéid a bhaineann leis an dáta a scoirfidh an Comhaontú Trádála agus Comhair d'fheidhm shealadach a bheith aige**

PUBLIC

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1] (an 'Comhaontú Trádála agus Comhair'), agus go háirithe pointe (a) d'Airteagal FINPROV.11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal FINPROV.11(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, chomhaontaigh na Páirtithe an Comhaontú sin a chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2021 ar choinníoll, roimh an dáta sin, go mbeadh fógra tugtha acu dá chéile go raibh a gceanglais inmheánacha agus a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach is gá don chur i bhfeidhm sealadach comhlíonta acu. Scoirfear den chur i bhfeidhm sealadach ar cheann de na dátaí seo a leanas, cibé acu is luaithe: (a) an 28 Feabhra 2021, nó dáta eile arna chinneadh ag an gComhairle Comhpháirtíochta; nó (b) ar an gcéad lá den mhí tar éis na míosa inar thug an dá Pháirtí fógra dá chéile go bhfuil a gceanglais inmheánacha agus a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach comhlíonta acu maidir lena dtoiliú a bheith faoi cheangal a bhunú.

(2) Ós rud é nach mbeidh an tAontas Eorpach in ann, i ngeall ar cheanglais inmheánacha nós imeachta, an Comhaontú Trádála agus Comhair a thabhairt i gcrích faoin 28 Feabhra 2021, ba cheart don Chomhairle Comhpháirtíochta an 30 Aibreán 2021 a shocrú mar an dáta ar a scoirfear den chur i bhfeidhm sealadach de bhun phointe (a) d'Airteagal FINPROV.11(2).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an 30 Aibreán 2021 an dáta ar a scoirfear den chur i bhfeidhm sealadach de bhun phointe (a) d'Airteagal FINPROV.11(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh [sa/in] ...,

*Thar ceann na Comhairle Comhpháirtíochta*

---

[1] IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.

*Na Comhchathaoirligh*

PUBLIC